An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

# Tuarascáil Bhliantúil Nochtuithe Cosanta

2025

## Tuarascáil ar Nochtuithe Cosanta a fuarthas sa Roinn Fiontair, Trádála, Turasóireachta agus Fostaíochta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Foilsítear an tuarascáil seo i gcomhréir le hAlt 22(5) den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014, ina gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí achoimre bhliantúil a thabhairt ar:

- Líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe, agus
- Aon ghníomhartha a glacadh, má glacadh gníomhartha ar bith, mar thoradh ar na nochtuithe sin.

Ní mór nach mbeadh aon fhaisnéis sa tuarascáil a d'fhéadfaí duine a rinne nochtadh cosanta a aithint dá barr.

I rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025:

- Líon na nochtuithe cosanta a fuarthas: 5
- Líon na nochtuithe cosanta a tugadh ar aghaidh ó na blianta roimhe: 0

Go hachomair, áiríodh leis na hábhair a ardaíodh:

- Tuairisc maidir le mírialtachtaí féideartha earcaíochta agus iasachta in eagraíocht ainmnithe. Leis an measúnú tosaigh soiléiríodh nach raibh an tuairisc laistigh de shainchúram na Roinne agus treoraíodh an duine a bhí á thuairisciú chuig an bhfaighteoir ábhartha.
- I gcomhfhreagras a chuir an OPDC ar aghaidh chuig an Roinn ardaíodh imní faoi easpa cuntasachta agus trédhearcachta maidir le plé airgeadais agus próisis chinnteoireachta in eintiteas ainmnithe. Tar éis measúnú tosaigh a dhéanamh deimhníodh nach raibh an t-ábhar laistigh de shainchúram na Roinne, agus filleadh é, le comhaontú, chuig an OPDC.
- Chuir an OPDC tuairisc gan ainm ar aghaidh inar líomhnaíodh sáruithe féideartha maidir le cosaint sonraí agus sárú cóipchirt in eintiteas ainmnithe. Rinne an Roinn measúnú ar an tuairisc agus fuarthas nárbh ionann an fhaisnéis a thug an duine tuairiscithe agus fianaise prima facie ar éagóir.
- Chuir an OPCD tuairisc ar éagóir fhéideartha ar aghaidh chuig an Roinn ina líomhnaítear saincheisteanna áirithe i gcomhlacht poiblí faoina sainchúram. Amhail deireadh 2025, tá an tuairisc seo á measúnú ag an Roinn.

Tar éis gur tugadh feidhm don Acht um Nochtuithe Cosanta (Leasú) 2022 ar an 1 Eanáir 2023, bhunaigh an Roinn cainéal tiomnaithe um thuairisciú inmheánach chun cur ar chumas ball foirne éagóir fhéideartha a thuairisciú. Tá nósanna imeachta cuimsitheacha curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun tacú le baill foirne le tuairisc a dhéanamh. Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta ó oibrithe na Roinne sa tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil seo.

**Conclúid**

Tá an Roinn geallta fós chun timpeallacht a choinneáil ina dtacaítear le nochtuithe cosanta a dhéanamh agus ina spreagtar sin. Leantar ar aghaidh ag athbhreithniú beartas agus nósanna imeachta chun cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 agus leis an Acht um Nochtuithe Cosanta (Leasú) 2022.

**An tAonad Tacaíochta Bainistíochta**

**Feabhra 2026**